

Eleathanach268

Dé Luain 19 Meitheamh 2017

Bainigí taitneamh as an aimsir bhreá agus as an samhradh! Beidh an Eleathanach ar ais i Mí Mheán Fómhair! ☺



Eidhneán nimhe



Post Nua ag na Gabhair

Seo iad Max, Unicorn, Swirl agus Cinnamon. Tá post nua ag na gabhair seo. Tá siad ag glanadh suas sa pháirc *Prospect Park* i Nua Eabhrac.

Tar éis hairicín Sandy sa bhliain 2012, thit go leor crann síos sa pháirc. Ansin thosaigh eidhneán nimhe agus fiailí ag fás thar na crainn.

Tá na gabhair ag ithe crann, duilleog, eidhneán nimhe, agus plandaí chun an pháirc a ghlanadh

Tá ceithre bholg ag gach gabhar - sin sé bholg déag le chéile! Mar sin tá siad an-mhaith ag ithe!

Tá áthas an domhain ar na páistí áitiúla chun na gabhair a fheiceáil sa pháirc agus tá an pobal buíoch de na gabhair as an obair dhian ata ar siúl acu!

Tháinig an t-alt seo ó rang 5, Caragh National School, i gContae Chill Dara.

Grenfell Tower

Tá Pixie Lott, Louisa Johnson agus Tulisa ag cabhrú le Simon Cowell chun singil nua a thairfead. Rachaidh an t-airgead ar fad chuig na daoine a bhí gortaithe sa tine uafásach i Londain an tseachtain seo caite. Tharla tine uafásach sa *Grenfell Tower*.

Fuair go leor daoine bás agus tá go leor daoine gortaithe. Tháinig na ceoltóirí le chéile i Londain Dé Sathairn. Beidh siad ag canadh an amhráin *Bridge Over Troubled Water*.

Canfaidh Emeli Sande, Rita Ora, Kelly Jones, Shane Filan, Craig David agus James Blunt ar an singil freisin. Bhuaigh Tokio Myers *Britain's Got Talent* agus beidh sé ag cabhrú leo freisin.

Is tragóid uafásach é seo. Chuaigh Rita Ora chuig *Grenfell Tower* chun cabhrú leis na daoine a bhí ina gcónaí ann.

Scannáin mhaithe

Tá liosta curtha le chéile de na scannáin is fearr do pháistí. Tá 50 scannán ar an liosta. Seo roinnt de na scannáin ar an liosta; *Frozen*, *The Lego Movie*, *Mary Poppins*, *E.T.*, *The Lion King*, *Toy Story*.

Measann na moltóirí go gcabhraíonn na scannáin seo le páistí agus go bhfuil go leor le foghlaim ó na scannáin. Tá an liosta iomlán ar shuíomh RTÉ.

<https://www.rte.ie/entertainment/2017/0619/883843-et-and-the-lion-king-make/>

Rinne siad an scannán *E.T.* 35 bliain ó shin agus is clasaic é. An bhfaca tú *E.T.* fós?

